


# Modúl 6

# Ag Tógáil Séadchomharthaí

*Ag foghlaim faoi thuamaí meigiliteacha trí mhionsamhlacha a thógáil*

## Comhtháthú agus Nascadh Curaclaim

*Féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin) le breis eolas a fháil*

## OSIE Stair

### RANGANNA NAÍONÁN

SNÁITHE: Scéalaíocht
Snáithaonad: Scéalta

### RANG 1 & 2

SNÁITHE: ATHRÚ AGUS LEANÚNACHAS
Snáithaonad: Leanúnachas agus athrú sa gharthimpeallacht

SNÁITHE: Scéalaíocht
Snáithaonad: Scéalta

### RANG 3 & 4

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa
Snáithaonad: Pobail na Clochaoise

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
Snáithaonad: Bia agus feirmeoireacht

### RANG 5 & 6

SNÁITHE: Staidéir Áitiúla
Snáithaonad: Foirgnimh, láithreáin nó fothraigh i mo cheantar
Snáithaonad: Mo cheantar trí na haoiseanna

SNÁITHE: Scéalaíocht
Snáithaonad: Scéalta as saol daoine a mhair san am atá thart

SNÁITHE: Pobail agus sochaithe ársa
Snáithaonad: Pobail na Clochaoise
Snáithaonad: Pobail na Chré-umhaois

SNÁITHE: Leanúnachas agus athrú le himeacht ama
Snáithaonad: Bia agus feirmeoireacht

## NASCADH



OSIE Tíreolaíocht
- Imshaoil dhaonna
- Imshaoil nádúrtha
- Feasacht agus cúram imshaoil



OSIE Eolaíocht
- Fuinneamh agus fórsaí
- Ábhar
- Feasacht agus cúram imshaoil

## COMHTHÁTHÚ



Matamaitic
- Luathghníomhaíochtaí matamaiticiúla
- Uimhreas
- Cruth agus spás
- Sonraí
- Tomhais



Na hAmharcealaíona
- Péint agus dath
- Tógáil
- Fabraic agus snáithín



Drámaíocht
- Iniúchadh agus déanamh drámaíochta
- Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta



OSPS
- Mise
- Mise agus daoine eile
- Mise agus an domhan mór




Gaeilge
- Éisteacht
- Labhairt
- Scríbhneoireacht
- Léitheoireacht



English
- Receptiveness to language
- Competence and confidence
- Developing cognitive abilities through language
- Emotional and imaginative development through language

*"Rinne mé tuama.
Bhí sé go hiontach.
Bhíomar sa Chlochaois!"*

*Dalta Rang 2*







## CUSPÓIR

Foghlaimeoidh na daltaí faoi thuamaí Meigiliteacha trí mhionsamhlacha a dhéanamh i dtráidire gainimh.

## AOISGHRÚPA

Tá an modúl seo oiriúnach do gach rang leibhéal.
Chun an modúl a láimhseáil i gceart do gach aoisghrúpa, féach Treoirlínte an Mhúinteora (ar fáil as Béarla amháin).

## ÁBHAIR AGUS FEARAS

- Bosca nó tráidire cearnógach nó dronuilleogach: tuairim is 30cm x 40cm ar fad agus 10cm ar doimhne (tráidire easair chait mar shampla)
- Gaineamh
- Clocha móra agus beaga cothroma.

**Nod:** Is féidir na boscaí/tráidirí céanna a úsáid i Modúl 3.

### Bileoga Oibre (BO)

- Ag tógáil Meigilití 1 (**BO1**)
- Ag tógáil Meigilití 2 (**BO2**)
- Ag tógáil Tuama (**BO3**)
- Ealaín Mheigiliteach (**BO4**).

## ULLMHÚCHÁN

Cuir na páistí ar an eolas faoi fheirmeoirí Na Clochaoise (Neoiliteach) (féach Modúl 5). Thóg na daoine seo tuamaí cloiche neamhshimplí ar a tugadh tuamaí Meigiliteacha:
Tógadh ceithre chineál tuama in Éirinn:

- An Tuama Pasáiste *(Passage Tomb)*
- An Tuama Cúirte *(Court Tomb)*
- An Tuama Ursanach *(Portal Tomb)*
- An Tuama Dingeach *(Wedge Tomb)*

**Nod:** Méadaigh **Bileoga Oibre 1** agus **2** ó A4 go A3, gearr amach pleananna aonaracha agus roinn i measc na ndaltaí iad.

Is Láithreán Oidhreachta Domhanda an tuama pasáiste Brú na Bóinne i gCo. na Mí.







# Tosaímis!

## Suíomh a Chruthú

Tá tú i do chónaí in Éirinn thart ar 3000 RC, i rith thréimhse na Clochaoise (Neoiliteach). Fuair taoiseach na treibhe bás agus caithfidh sibh tuama iontach a thógáil. Cén sórt tuama a thógfaidh sibh?

Pléigh cén fáth ar chaith muintir na Clochaoise an oiread sin ama ag tógáil 'Tithe do na Mairbh' nuair a bhí a dtithe cónaithe adhmaid féin an-bhunúsach.

## An Gníomhaíocht

- Léirigh sa tráidire, nó tarraing léaráid ar an gclár dubh/bán den chineál tuama a ba mhaith leat a thógáil. Taispeáin príomhghnéithe an tuama do na daltaí (An bealach isteach, an pasáiste, an seomra; leaca mullaigh; clocha colbha; díon coirbéalta; carn srl.)
- Roinn an rang ina dhá ghrúpa agus tabhair tráidire gainimh agus cúpla cloch do gach grúpa.
- Tabhair amach plean tuama (**BO1** agus **BO2**) and iarr orthu é a thógáil sa tráidire gainimh.
- Is féidir an tuama pasáiste a mhaisiú le cailc (féach **BO4**).



Tuama Ursanach i dtráidire




Tuama Pasáiste i dtráidire

**Nod:** Is féidir séadchomharthaí eile a thógáil sa mhodh céanna; Ráth, ciorcal liag nó sraith ghallán mar shampla.

## Ealaín

Maisíodh roinnt de na clocha sna Tuamaí pasáiste le gréasa bíseacha, cuarlínte agus línte fiarláin srl. Is í seo an sampla is luaithe den ealaín atá againn in Éirinn. Úsáid **BO4** chun na dearaí a imscrúdú agus chun na clocha a mhaisiú.





## Gníomhaíocht Dheiridh

Ag úsáid **BO1**, pléigh conas mar a tógadh na tuamaí, conas mar a bogadh agus mar a cuireadh na clocha ina seasamh.

agus /nó

Scríobh scéal nó tarraing léaráid ag déanamh cur síos ar ghnáthlá páiste sa tréimhse Neoiliteach agus an tuama Meigiliteach á thógáil.

## Naisc Ghréasáin

*Knowth*
**www.knowth.com**

*Réamhrá gairid faoi shéadchomharthaí seandálaíochta na hÉireann*
**www.iol.ie/~sec/sites.htm**

### Téarmaí

- Tuama Meigiliteach
- Seomra
- Cloch Cholba
- Leac Mhullaigh
- Cairn

### Loga an Mhúinteora

*"Faigheann na daltaí taithí ar an láthair ar conas mar a tógadh na tuamaí. Chabhraigh sé seo go mór lena dtuiscint ar conas mar a tógadh sa Chlochaois iad".*

*Múinteoir Rang 6*

